Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Iascach

2023/2027(INI)

2.10.2023

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar thionchar na hiascaireachta neamhdhleathaí ar an tslándáil bia - ról an Aontais Eorpaigh
(2023/2027(INI))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Nuno Melo

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 8

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar thionchar na hiascaireachta neamhdhleathaí ar an tslándáil bia - ról an Aontais Eorpaigh
(2023/2027(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don staidéar in 2022 ón gCoimisiún dar teideal *Study on the legislative frameworks and enforcement systems of Member States regarding obligations and sanctions to nationals for infringements to the rules arising from the IUU Regulation* [Staidéar ar chreataí reachtacha agus córais forfheidhmithe na mBallstát maidir le hoibleagáidí agus smachtbhannaí a chuirtear ar náisiúnaigh as sáruithe ar na rialacha a eascraíonn as an Rialachán maidir le hIascaireacht NNN],

– ag féachaint do Thuarascáil Speisialta 20/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an 26 Meán Fómhair 2022 dar teideal *EU action to combat illegal fishing – Control systems in place but weakened by uneven checks and sanctions by Member States* [Gníomhaíocht an Aontais chun dul i ngleic le hiascaireacht neamhdhleathach – Córais um rialú i bhfeidhm, ach tá siad lagaithe ag seiceálacha agus smachtbhannaí neamhchothroma ag na Ballstáit], ina gcumhdaítear beartas an Aontais ar iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) a chomhrac,

– ag féachaint do Choinbhinsiún 1982 ó na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige,

– ag féachaint do Chomhaontú 1995 ó Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (FAO) na Náisiún Aontaithe chun Comhlíontacht Bád Iascaireachta ar an Mórmhuir i dtaca le Bearta Idirnáisiúnta Caomhantais agus Bainistíochta a chur chun cinn,

– ag féachaint do Chomhaontú 1995 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le Stoic Éisc,

– ag féachaint do Chód Iompair 1995 ó FAO le haghaidh Iascach Freagrach,

– ag féachaint do Plean Gníomhaíochta Idirnáisiúnta 2001 ó FAO chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú,

– ag féachaint do Chomhaontú 2009 ó FAO ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú,

– ag féachaint do Threoirlínte Deonacha 2014 ó FAO maidir le Feidhmíocht Stát Brataí.

– ag féachaint do thuarascáil mhí na Nollag 2021 ó Chomhghuaillíocht Iascaireachta NNN an Aontais dar teideal *Seafood traceability: Aligning RFMO catch documentation schemes to combat IUU fishing* [Inrianaitheacht bhia na mara: Scéimeanna Doiciméadúcháin Gabhálacha de chuid ERBI chun iascaireacht NNN a chomhrac],

– ag féachaint do chomhairle chomhpháirteach ón gComhairle Chomhairleach um Margaí agus ón gComhairle Chomhairleach Fadraoin an 21 Aibreán 2023 maidir leis an ngá atá le rialuithe allmhairiúcháin comhchuibhithe idir na Ballstáit chun táirgí a thagann ó iascaireacht neamhdhleathach, neamhrialáilte agus neamhthuairiscithe (NNN) a chosc ó theacht isteach i margadh an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do threoirdhoiciméad 2023 ó FAO dar teideal *Advancing end-to-end traceability – Critical tracking events and key data elements along capture fisheries and aquaculture value chains*,

– ag féachaint do threoirlíne theicniúil 2023 ó FAO dar teideal *Implementation of the International Plan of Action to Prevent, Deter and Eliminate Illegal, Unreported and Unregulated Fishing – 1. Methodologies and indicators for the estimation of the magnitude and impact of illegal, unreported and unregulated fishing: 1.1 Principles and approaches*,

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A9-0000/2023),

A. de bhrí gur mórghníomhaí domhanda é an tAontas san earnáil iascaigh mar gheall ar a chabhlach iascaireachta (thart ar 73 000 soitheach) agus a stádas mar an t-allmhaireoir is mó ar domhan de tháirgí iascaigh araon (allmhairítear nach mór 70 % de na táirgí bia mara a chaitear san Aontas, is ionann sin agus 34 % den trádáil dhomhanda uile ó thaobh luacha de), agus dá bhrí sin go bhfuil ról lárnach le glacadh aige sa chomhrac in aghaidh iascaireacht NNN ar fud an domhain.

B. de bhrí go bhfuil 124 000 iascairí fostaithe in earnáil na hiascaireachta san Aontas agus go gintear ioncam de EUR 6.3 bhilliún ann gach bliain;

C. de bhrí go raibh an tAontas tiomanta cuspóir 14.4 de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, arbh é an sprioc sin deireadh a chur le hiascaireacht NNN faoi 2020;

D. de bhrí go gcoisctear le hAirteagal 12 den Rialachán maidir le hIascaireacht NNN[1] táirgí iascaigh arna bhfáil le hiascaireacht NNN a allmhairiú;

E. de bhrí go bhfuil cárta dearg ag 4 thríú tír agus go bhfuil cárta buí ag 8 dtríú tír faoi láthair; de bhrí, áfach, nach raibh Daon-Phoblacht na Síne, ar ceann í de na táirgeoirí móra bia mara, faoi réir nós imeachta faoin Rialachán maidir le hIascaireacht NNN riamh in ainneoin an chruthúnais go bhfuil baint shuntasach aici, atá ag fás, le hiascaireacht NNN;

F. de bhrí go bhfuil creat láidir reachtaíochta iascaigh ag an Aontas, lena n-áirítear bearta chun na hacmhainneachtaí faireacháin, cigireachta, rialaithe agus faireachais, a úsáidtear chun iascaireacht NNN a chomhrac, a fheabhsú;

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch 1).

G. de bhrí gur cuireadh tacaíocht ar fáil sa Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh do ghníomhaíochtaí faireacháin, rialaithe agus forfheidhmithe, arb é EUR 580 milliún luach an bhuiséid a cuireadh in áirithe dóibh;

H. de bhrí go dtagtar ar an gconclúid i dTuarascáil Speisialta 20/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa go lagaítear córais rialaithe mar gheall ar sheiceálacha agus smachtbhannaí neamhchothroma ó na Ballstáit;

I. de bhrí go laghdófar na deiseanna i gcomhair allmhairí calaoiseacha le digitiú na ndeimhnithe gabhála NNN trí chóras TF CATCH;

J. de bhrí go mbíonn riosca ag baint leis na táirgí a thagann ó iascaireacht neamhdhleathach do shlándáil bia shaoránaigh an Aontais Eorpaigh;

1. á athdhearbhú gur gá don Aontas agus dá Bhallstáit leanúint de chur chuige neamhfhulaingthe a úsáid i leith iascaireacht NNN, agus an cur chuige seo á chur i bhfeidhm go cothrom ar gach tír, beag beann ar a méid, agus gur gá iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn d'fhonn an ró-iascaireacht a chomhrac agus slándáil bia a áirithiú;

2. á iarraidh go gcuirfear treoirlínte an Aontais i bhfeidhm chun a chinneadh conas cur chun feidhme Rialachán an Aontais maidir le hIascaireacht NNN a fheabhsú ar an mbealach is fearr sna Ballstáit nach bhfuil ag comhlíonadh cheanglais an Rialacháin, agus conas an fhaisnéis a sholáthraítear sna tuarascálacha débhliantúla a fhíorú ar an mbealach is fearr;

3. ag spreagadh na mBallstát acmhainneacht agus acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh chun cur chun feidhme éifeachtach na rialuithe allmhairiúcháin a áirithiú;

4. á chur i bhfáth gur gá don Choimisiún tacaíocht leormhaith a thabhairt do na húdaráis náisiúnta atá freagrach as rialú allmhairí bhia na mara, agus ag tabhairt dá haire go bhféadfar a áireamh leis an tacaíocht seo, i gcás ina mbeidh fáil orthu, liosta na mbeart bainistithe agus caomhnaithe is infheidhme i dtríú tíortha a tháirgeadh, agus faisnéis mhionsonraithe a chomhroinnt ar na laigí arna sainaithint i gcomhthéacs chur chun feidhme Rialachán an Aontais maidir le hIascaireacht NNN a mhéid a bhaineann le tríú tíortha;

5. á chur i bhfáth gur gá don Choimisiún, in éineacht leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach, agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, tacaíocht bhreise a thabhairt do na húdaráis áitiúla maidir leis an mbealach is fearr chun an Rialachán maidir le hIascaireacht NNN a chur chun feidhme, agus go mbeadh an tacaíocht seo i bhfoirm treorach, malartuithe dea-chleachtas, oiliúint agus gnéithe cosúla;

6. ag spreagadh an Choimisiúin leanúint de chur i bhfeidhm agus cur chun feidhme comhleanúnach na nósanna imeachta rialaithe allmhairiúcháin a lorg ar fud an Aontais, lena n-áirítear seiceálacha ar dheimhnithe gabhála, cur chuige rioscabhunaithe agus fíoruithe;

7. á mheabhrú don Choimisiún gur gá rialuithe allmhairiúcháin a chomhchuibhiú ar fud na mBallstát chun táirgí a thagann ó iascaireacht NNN a chosc ó theacht isteach i margadh an Aontais;

8. ag spreagadh an Choimisiúin oibriú go tapa chun a áirithiú go bhfuil córas TF CATCH lánfheidhmiúil agus go bhfuil údaráis náisiúnta na mBallstát go hiomlán ar an eolas faoina úsáid laistigh de 2 bhliain ó dháta chur i bhfeidhm Airteagal 4 den Rialachán athbhreithnithe maidir le Rialú ar Iascach;

9. á iarraidh ar an gCoimisiún acmhainní daonna leordhóthanacha a dhaingniú chun seachadadh níos tapúla agus níos éifeachtúla an chórais TF thuasluaite a áirithiú sna Ballstáit;

10. á chur in iúl gur geall léi bunú chóras nua TF CATCH leis an Rialachán athbhreithnithe maidir le Rialú ar Iascach;

11. ag spreagadh cuimsiú tapa critéar riosca agus cros-seiceálacha sonraí níos cuimsithí sna leaganacha amach anseo de chóras TF CATCH, mar atá molta ag an gComhairle Chomhairleach Fadraoin; á mheas, chun 'sodar go barr' a áirithiú, gur gá don Choimisiún a áirithiú go bhfuil an measúnú riosca a chuirtear i bhfeidhm in CATCH chomh críochnúil, ar a laghad, leis na measúnuithe riosca a chuirtear i bhfeidhm sna Ballstáit a bhfuil córas leictreonach acu cheana chun deimnithe gabhála a sheiceáil; á mheas, idir an dá linn, nach mór don Choimisiún a áirithiú go bhfuil idir-inoibritheacht ann idir CATCH agus na córais TF náisiúnta gan an t-ualach atá ar na hoibritheoirí eacnamaíocha a mhéadú;

12. ag tathant ar an gCoimisiún líon na mball foirne atá ag obair ar rialachas na n-aigéan agus ar iascaireacht NNN laistigh d'Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta sa Choimisiún a mhéadú;

13. ag spreagadh na mBallstát a áirithiú go gcuirfear na nósanna imeachta riachtanacha i bhfeidhm ar mhaithe le hullmhú do ghlacadh dlíthiúil chóras TF CATCH agus chun a áirithiú go mbeidh an córas réidh le húsáid a luaithe is féidir;

14. ag tathant ar na Ballstáit a gcórais rialaithe a atreisiú chun allmhairiú neamhdhleathach táirgí iascaigh a chosc agus chun an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh;

15. ag tathant ar na Ballstáit smachtbhannaí athchomhairleacha a chur i bhfeidhm in aghaidh na hiascaireachta neamhdhleathaí;

16. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gan rochtain fabhrach ar an margadh a dheonú ar náisiúin a bhfuil baint acu le cleachtais iascaireachta NNN agus le sáruithe troma saothair; á mheas gur cheart don Aontas féachaint do chothrom iomaíochta dílis a bhunú idir bia na mara a tháirgtear san Aontas agus bia na mara a tháirgtear i dtríú tíortha; á mheas, go háirithe, gur cheart an ionstraim taraif-chuóta a úsáid go heisiach i gcásanna nach bhfuil an soláthar bia mara le haghaidh mhargaí an Aontais leordhóthanach agus nár cheart í a úsáid chun táirgí a thagann ó iascaireacht NNN a allmhairiú nó chun brú ar chur ar phraghsanna na n-earraí a tháirgtear san Aontas;

17. ag spreagadh na mBallstát gnáth-chomhroinnt faisnéise thráthúil a fheabhsú, lena n-áirítear maidir le coinsíneachtaí diúltaithe, ar féidir leis an gcomhroinnt sin údaráis a chumasú an dlí a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr; á chur i bhfios go láidir gur féidir leis an gComhaontú ar Bhearta Stát an Chalafoirt ó FAO a bheith ina chúnamh ina leith sin;

18. á chur i bhfáth, i leith scéimeanna doiciméadaithe gabhálacha iltaobhacha, atá ceaptha agus comhaontaithe ag páirtithe conarthacha agus páirtithe comhoibritheacha neamhchonarthacha na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh, agus a dteastaíonn uathu faisnéis ríthábhachtach ar choinsíneacht a thaifeadadh agus a thraschur ar fud an tslabhra soláthair, go bhfuil sé cruthaithe go bhfuil na scéimeanna sin ina n-uirlisí éifeachtacha chun inrianaitheacht a fheabhsú agus chun rannchuidiú leis an gcomhrac in aghaidh iascaireacht NNN;

19. Á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is amhlaidh go bhfuil stádas uathúil ag an Aontas Eorpach (AE) mar cheann de na gníomhaithe domhanda is tábhachtaí i leith iascach, mar gheall ar a láithreacht fhorleathan ar fud na n-aigéin ó thaobh na hiascaireachta de agus a stádas mar allmhaireoir táirgí iascaigh go príomha, le 73,000 long faoina bhrat agus ráta allmhairí suntasach, toisc go dtagann 70 % de bhia na mara a chaitear ó thar lear. Ní féidir tionchar an Aontais ar chleachtais dhomhanda iascaireachta a mheas faoina chumas. Leis an stádas ceannasach seo, cuirtear freagracht shuntasach freisin ar an Aontas cleachtais inbhuanaithe san earnáil a shainmhíniú agus a mholadh.

Mar Pháirtí Conarthach do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS) agus mar shínitheoir do roinnt comhaontuithe idirnáisiúnta tábhachtacha eile, bhí sé i gcónaí de dhualgas ag an Aontas acmhainní muirí a chosaint. Leagann na forálacha seo béim ar fhreagracht gach stáit chun bainistiú muirí inbhuanaithe a áirithiú agus chun comhoibriú i dtreo na sprice comhchoitinne seo.

Bíonn bagairt shuntasach ag baint le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) le haghaidh éiceachórais mhuirí, dea-bhail shocheacnamaíoch na bpobal a bhraitheann ar an iascaireacht agus le haghaidh iarrachtaí idirnáisiúnta i leith rialachas feabhsaithe na n-aigéan.

Is léir cé chomh mór agus atá na hiarmhairtí eacnamaíocha nuair a chuirtear an fhostaíocht fhorleathan a chruthaítear san earnáil san áireamh i bpobail chósta – os cionn 124,000 post díreach – agus an t-ioncam suntasach a chuirtear le coistí an Aontais uaithi – 6.3 billiún euro in aghaidh na bliana. Cuirtear an rannchuidiú eacnamaíoch sin i mbaol nuair a thugtar isteach táirgí a thagann ó iascaireacht NNN sa mhargadh. Ní hamháin go gceiltear ioncam ar na stáit mar gheall ar na hoibríochtaí neamhdhleathacha seo, ach méadaítear na costais faireacháin, chigireachta agus rialaithe a bhíonn de dhíth chun iascaireacht NNN a chomhrac.

Mar gheall ar an ról lárnach atá aige sa mhargadh domhanda bia mara, tá deis uathúil ag an Aontas Eorpach cleachtais iascaireachta idirnáisiúnta inbhuanaithe a mhúnlú agus a bheith ina cheannasaí ina leith. Ní ceist eacnamaíoch ná chomhshaoil amháin é tiomantas an Aontais don inbhuanaitheacht san earnáil iascaireachta; baineann sé leis an tslándáil bia freisin. Ós rud é go bhfuil triomlach bhia na mara allmhairithe, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go bhfoinsítear na hallmhairí sin go hinbhuanaithe agus go dleathach ar son sláinte agus folláine a saoránach.

Cé go bhfuil creataí láidre ag an Aontas, amhail leithdháileadh 580 milliún euro ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh chun tacú le gníomhaíochtaí faireacháin agus rialaithe, bíonn dúshláin fós ann. Mhol Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ina tuarascáil in 2022 go raibh rialuithe agus smachtbhannaí neamhréireacha ann sna Ballstáit, a léirigh go raibh fadhbanna leis an gcóras ar ghá aghaidh a thabhairt orthu go práinneach.

Don Aontas, tá an bealach chun cinn iltaobhach. Mar shampla, is céim mhaith sa treo ceart é deimhnithe gabhála NNN a dhigitiú trí chóras TF CATCH. Tá sé mar aidhm leis an gcóras seo allmhairí calaoiseacha a laghdú agus comhlíonadh níos dlúithe rialacháin an Aontais a áirithiú.

Thairis sin, tá sé ríthábhachtach comhar le tríú tíortha, ar táirgeoirí móra bhia na mara iad go leor acu, a chothú. Áiritheofar leis na comhpháirtíochtaí sin go gcomhlíonann táirgí allmhairithe caighdeáin dhiana an Aontais agus go dtuigtear stádas an bhloic in aghaidh iascaireacht NNN ar fud an domhain.

Go háirithe, tá sé cruthaithe go bhfuil córas cártaí an Aontais úsáideach. Faoi láthair, tá 4 thríú tír ann a bhfuil cárta dearg acu agus 8 dtríú tír a bhfuil cárta buí acu. Ní raibh ceann de na táirgeoirí móra bia mara, Daon-Phoblacht na Síne, faoi réir rialacháin maidir le hiascaireacht NNN riamh, áfach, in ainneoin an chruthúnais go bhfuil baint shuntasach aici, atá ag méadú, le hiascaireacht NNN.

Toisc go mbíonn oibritheoirí NNN i gcónaí ag lorg bealaí éalaithe sna creataí atá ann cheana, tá sé ríthábhachtach don Aontas cur chuige dinimiciúil réamhghníomhach a choinneáil i leith a thiomantais d'iascaireacht inbhuanaithe agus slándáil bia dhomhanda a chosaint.

Tá sé de fhreagracht ar an Aontas a bheith ina cheannasaí sa chomhrac in aghaidh iascaireacht NNN. Trína bheith ina cheannasaí, ní hamháin gur féidir leis a áirithiú go mbeidh na héiceachórais mhuirí agus na slite beatha lena dtacaíonn siad ann, ach daingneofar a stádas mar abhcóide domhanda do chleachtais iascaireachta inbhuanaithe fhreagracha. Tá sé ríthábhachtach don Aontas agus do na Ballstáit leanúint de roinnt beart a chur chun feidhme agus a chur chun cinn go háirithe ionas go dtarlóidh sé seo:

- Cur chuige neamhfhulaingthe a chur chun cinn i leith iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte agus a áirithiú go ndéileáiltear le gach tír ar bhonn cothrom, beag beann ar mhéid na tíre, agus iascaireacht inbhuanaithe a chur chun cinn, ró-iascaireacht a chomhrac agus slándáil bia a ráthú.

- Rialuithe allmhairiúcháin comhchuibhithe a chur chun feidhme i measc na mBallstát chun teacht isteach táirgí a thagann ó iascaireacht NNN i margadh an Aontais a chosc.

- Tathant ar an gCoimisiún a áirithiú go bhfuil córas TF CATCH lánfheidhmiúil agus go bhfuil údaráis náisiúnta na mBallstát go hiomlán ar an eolas faoina úsáid, 2 bhliain tar éis chur chun feidhme an Rialacháin athbhreithnithe maidir le Rialú ar Iascach.

- Acmhainní daonna leordhóthanacha a áirithiú chun cur chun feidhme níos tapúla agus níos éifeachtúla chóras TF CATCH a chur chun cinn sna Ballstáit.

- Líon na mball foirne in AS MARE atá ag obair ar rialachas na n-aigéan agus ar iascaireacht NNN a mhéadú.

- Na córais rialaithe agus na bearta riachtanacha a ghlac na Ballstáit chun táirgí a thagann ó iascaireacht neamhdhleathach a chosc a neartú.

- Tathant ar na Ballstáit smachtbhannaí athchomhairleacha a chur i bhfeidhm in aghaidh na hiascaireachta neamhdhleathaí.

- Fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit gan rochtain fhabhrach ar an margadh a dheonú ar náisiúin atá nasctha le hiascaireacht NNN agus le sáruithe tromchúiseacha saothair.

- Na Ballstáit a spreagadh gnáth-chomhroinnt faisnéise thráthúil a fheabhsú, lena n-

áirítear maidir le lastais dhiúltaithe, lena gcumasaítear údaráis reachtaíocht a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí; béim a leagan ar an bhfíoras gur féidir leis an gComhaontú ar Bhearta Stát an Chalafoirt a bheith ina chúnamh sa réimse sin.

- Béim a leagan, maidir leis na scéimeanna deimhniúcháin gabhálacha (SDGanna), arna gceapadh agus arna gcomhaontú ag Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (RMFOnna), agus lena gceanglaítear faisnéis chriticiúil ar lastais a thaifeadadh agus a thraschur ar fud an tslabhra soláthair, gur uirlisí iad ar cruthaíodh leo go bhfeabhsaíonn siad inrianaitheacht agus go gcabhraíonn siad leis an gcomhrac in aghaidh iascaireacht NNN.